RIALACHÁN TARMLIGTHE (AE) 2023/1675 ÓN gCOIMISIÚN

an 26 Meitheamh 2023

lena gceartaítear leaganacha teanga áirithe de Rialachán Tarmligthe (AE) 2021/1958 lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2019/2144 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle trí rialacha mionsonraithe a leagan síos maidir leis na nósanna imeachta sonracha tástála agus na ceanglais shonracha theicniúla i ndáil le cineálcheadú mótarfheithiclí i dtaca lena gcórais chliste um chúnamh luais agus i ndáil le cineálcheadú na gcóras sin mar aonaid theicniúla ar leithligh

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2019/2144 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Samhain 2019 maidir le ceanglais chineálcheadaithe do mhótarfheithiclí agus na leantóirí a ghabhann leo, agus córais, comhpháirteanna agus aonaid theicniúla ar leithligh le haghaidh feithiclí den sórt sin, a mhéid a bhaineann lena sábháilteacht ghinearálta agus le cosaint na ndaoine atá sna feithiclí agus úsáideoirí soghonta bóthair, lena leasaítear Rialachán (AE) 2018/858 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Rialacháin (CE) Uimh. 78/2009, (CE) Uimh. 79/2009 agus (CE) Uimh. 661/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Rialacháin (CE) Uimh. 631/2009, (AE) Uimh. 406/2010, (AE) Uimh. 672/2010, (AE) Uimh. 1003/2010, (AE) Uimh. 1005/2010, (AE) Uimh. 1008/2010, (AE) Uimh. 1009/2010, (AE) Uimh. 19/2011, (AE) Uimh. 109/2011, (AE) Uimh. 458/2011, (AE) Uimh. 65/2012, (AE) Uimh. 130/2012, (AE) Uimh. 347/2012, (AE) Uimh. 351/2012, (AE) Uimh. 1230/2012 agus (AE) 2015/166 ón gCoimisiún ([1]), agus go háirithe Airteagal 6(6) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Sna leaganacha Gearmáinise agus Liotuáinise de Rialachán Tarmligthe (AE) 2021/1958 ón gCoimisiún ([2]), tá earráid i bpointe 5.1. d'Iarscríbhinn I a mhéid a bhaineann le réimse radhairc an bhraiteora um shonrú optúil. Déanann an earráid difear do shubstaint na forála sin.

(2) Dá bhrí sin, ba cheart na leaganacha Gearmáinise agus Liotuáinise de Rialachán Tarmligthe (AE) 2021/1958 a cheartú dá réir. Ní dhéantar difear do na leaganacha teanga eile,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

(Ní bhaineann sé leis an leagan Gaeilge)

([1]) IO L 325, 16.12.2019, lch. 1.

([2]) Rialachán Tarmligthe (AE) 2021/1958 ón gCoimisiún an 23 Meitheamh 2021 lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2019/2144 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle trí rialacha mionsonraithe a leagan síos maidir leis na nósanna imeachta sonracha tástála agus na ceanglais shonracha theicniúla i ndáil le cineálcheadú mótarfheithiclí i dtaca lena gcórais chliste um chúnamh luais agus i ndáil le cineálcheadú na gcóras sin mar aonaid theicniúla ar leithligh agus lena leasaítear Iarscríbhinn II a ghabhann leis an Rialachán sin (IO L 409, 17.11.2021, lch. 1).

Airteagal 2

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 26 Meitheamh 2023.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN